

Clár Ábhar

1	Cad is Sochar Díobhála ann?	3
2	Conas a cháilítear mé?	4
3	Cé mhéad is féidir liom a fháil?	5
4	Conas a gheobhaidh me m'íocaíocht?	8
5	Cén fhad a leanfar den íocaíocht?	9
6	Cathain agus conas is féidir liom iarratas a dhéanamh?	9
7	An féidir liom Sochar Díobhála a fháil agus mé i mo chónaí i dtír eile?	10
8	An féidir liom Sochar Díobhála a éileamh agus íocaíocht leasa shóisialaigh eile á fáil agam?	11
9	Cad iad na sochair eile ar féidir liom a fháil faoin Scéim um Dhíobhálacha Ceirde?	12
10	Cad iad na sochair bhreise ar féidir liom a fháil le linn dom Sochar Díobhála a éileamh?	14
11	Cé a dhéanann cinneadh ar m'iarratas ar Shochar Díobhála?	15
12	Cad is féidir liom a éileamh mura bhfuilimse cáilithe chun Sochar Díobhála ná Sochar Breoiteachta a fháil?	16

ar leanúint thall

Bealtaine 2015

Athraítear na coinníollacha cáilithe i leith na scéimeanna seo ó am go céile. Déan seiceáil i gcónaí le d'Ionad Intreo áitiúil, d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó lenár Seirbhísí Eolais le fáil amach an bhfuil na coinníollacha athraithe (féach leathanach 22 le haghaidh sonraí teagmhála).

Tá an fhaisnéis sa leabhrán seo i gceart ag am a fhoilsithe. Is mar threoir amháin a ceapadh an leabhrán seo agus ní léirmhíniú dlíthiúil é.

13	An mbeadh orm dul faoi scrúdú leighis le linn dom Sochar Díobhála a éileamh?	17
14	An féidir mé a dhícháiliú ó Shochar Díobhála a éileamh?	18
15	Coinníollacha a bheidh i bhfeidhm le linn dom Sochar Díobhála a fháil	18
16	An leanfar den íocaíocht tar éis mo bháis?	19
17	An íocaim cáin ioncaim ar Shochar Díobhála?	21
18	Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?	22

1. Cad is Sochar Díobhála ann?

Tá Sochar Díobhála ar cheann de na sochair atá ar fáil faoin Scéim um Dhíobhálacha Ceirde.

Is íocaíocht sheachtainiúil é a dhéantar leat mura bhfuil sé ar do chumas obair a dhéanamh de bharr timpiste ag an obair nó de bharr galair a tholg tú mar gheall ar an gcineál oibre a dhéanann tú.

Is galar ceirde galar a tholgann tú i gcúrsa do chuid oibre, mar shampla, ó theagmháil le hoibreáin fisiceacha nó ceimiceacha. Is thar thréimhse ama a tholgann daoine galair óna slite beatha de ghnáth ach d'fhéadfadh duine galar den sórt a tholghadh anois is arís ó thimpiste aon uaire ag an obair.

Más mian leat liosta a fheiceáil de na galair cheirde a forordaíodh, logáil isteach ar www.welfare.ie.

Tabhair faoi deara

Féadfar glacadh freisin le tionóisc le linn turais gan briseadh chuig an obair nó ar ais ón obair mar thimpiste ag an obair.

Go ginearálta, má íocann tú ÁSPC d'Aicmí **A, D, J** agus **M**, bíonn tú clúdaithe le haghaidh Sochar Díobhála.

Ní thugann Aicme ÁSPC **B** (A íocann Státseirbhísigh a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995) clúdach maidir le Sochar Díobhála ach tugann sí clúdach le haghaidh sochar eile faoin Scéim um Dhíobhálacha Ceirde.

Tabhair faoi deara

Níl daoine féinfhostaithe clúdaithe faoin scéim.

2. Conas a cháilítear mé?

Beidh tú cáilithe:

- mura bhfuil tú ábalta obair a dhéanamh de bharr tinnis mar gheall ar thimpiste ag an obair nó má tholg tú galar ceirde forordaithe,
agus
- má mhaireann do bhreiteacht ar feadh 7 lá ar a laghad (gan an Domhnach a áireamh). Féach leathanach 10 freisin maidir le dearbhuithe.

Tabhair faoi deara

Go dtí go ndéanfar cinneadh maidir le d'éileamh ar Shochar Díobhála, is féidir Sochar Breoiteachta a íoc leat má shásaíonn tú na coinníollacha ó thaobh ranníocaíochtaí ÁSPC don sochar sin.

Timpistí nó galair le linn oibre thar lear

Má tá tú ag obair d'fhostóir i dtír eile den AE, de ghnáth bíonn tú clúdaithe ag dlíthe leasa shóisialaigh na tíre sin. I gcásanna den sórt sin, ba cheart duit éileamh maidir le timpistí nó ar ghalair cheirde a dhéanamh le húdaráis slándála sóisialta na tíre sin. Mar sin féin, más rud é gur chuir fostóir Éireannach thar lear thú le bheith ag obair i dtír eile den AE agus má lean tú ort ag íoc ranníocaíochtaí ÁSPC na hÉireann, beidh tú clúdaithe ó thaobh Sochair Díobhála faoi reachtaíocht na hÉireann. Féach leathanach 10 chun tuilleadh eolais a fháil.

Bíonn fostaíocht thar lear i dtír i mbéal forbartha clúdaithe de ghnáth faoi rialacha speisialta ó thaobh Sochair Díobhála má shocraigh tú an obair:

- tríd an nGníomhaireacht um Sheirbhísí Pearsanta Thar Lear (APSO),
- trí eagraíocht neamhrialtasach atá bunaithe in Éirinn,
- trí ghníomhaireacht rialtais nó neamhrialtasach i mballstát eile den AE,
nó
- trí rialtas na tíre atá i mbéal forbartha.

3. Cé mhéad is féidir liom a fháil?

Bíonn ráta pearsanta duit féin i gceist le Sochar Díobhála agus d'fhéadfadh méaduithe a bheith i gceist le haghaidh duine fásta cáilithe nó leanbh nó leanaí cáilithe.

Cé atá ina dhuine fásta cáilithe?

Má tá tú pósta, i bpáirtneireacht shibhialta nó in aontíos agus má tá an té sin á c(h)othabháil agat, féadfaidh tú méadú a fháil do dhuine fásta cáilithe.

Más é **€ 100 nó níos lú** ioncam seachtainiúil comhlán nó tuilleamh comhlán do chéile, do pháirtí shibhialta nó do chomhchónaitheora, gheobhaidh tú méadú iomlán don té sin.

Ní **bhfaighidh tú** méadú do do chéile, do pháirtí sibhialta nó do chomhchónaitheoir má bhíonn:

- tuilleamh seachtainiúil nó ioncam comhlán aige/aici atá níos **mó ná € 310** roimh asbhaintí mar **ÁSPC** nó cáin.
nó
- má tá íocaíocht leasa shóisialaigh á fáil aige/aici ina c(h)eart féin (ach amháin Dochar Míchumais*, Sochar Linbh nó Liúntas Leasa Forlíontach),

* Ní féidir leat méadú airgid a fháil dó nó di má tá sé nó sí ag fáil Forlíonadh Éagumais mar aon lena S(h)ochar Míthreorach,

nó

- má tá sé/sí dícháilithe ó Liúntas/Sochar Cuardaitheora Poist a fháil mar gheall ar díospóid trádála,

nó

- má tá sé/sí ag glacadh páirt i gcúrsa lánaimseartha ceardaíochta de chuid SOLAS (ar a dtugtaí FÁS roimhe seo)

Má tá tú singil, i do bhaintreach nó scartha, agus má bhíonn do leanaí ina gcónaí leat, is féidir leat méadú a éileamh do dhuine d'aois 16 nó os a chionn a bhíonn ag tabhairt aire dóibh, más tusa atá ag cothabháil an duine sin.

Tabhair faoi deara

Áirítear ar ioncam nó tuilleamh do chéile, do pháirtí sibhialta nó do chomhchónaitheora tuilleamh ó fhostaíocht, féinfhostaíocht, pinsin cheirde agus foinsí eile, mar mhaoin, coigilteas, caipiteal agus infheistíochtaí.

An chaoi a ndéanaimid maoin, coigilteas, caipiteal agus infheistíochtaí do chéile, do pháirtí sibhialta nó do chomhchónaitheora a mheas

Úsáidimid foirmle speisialta nuair a bhímid ag iarraidh a fháil amach cén t-ioncam atá aige nó aici ó infheistíochtaí agus ó choigiltis agus déanaimid na rudaí seo a leanas a chur le chéile:

- luach na n-infheistíochtaí agus na maoine (seachas teach an teaghlai) in airgead tirim,
- airgead i gcuntas coigiltis, nó in aon chineál cuntais eile bainc, agus
- airgead ar láimh.

Úsáidtear an fhoirmle seo a leanas:

Caipiteal:	Acmhainn in aghaidh na seachtaine faoi mar a mheastar í:
An Chéad €20,000	Nialas
€20,000 - €30,000	€1 in aghaidh gach €1,000
€30,000 - €40,000	€2 in aghaidh gach €1,000
Os cionn €40,000	€4 in aghaidh gach €1,000

Nuair a shealbhaítear maoin i gcomhpháirt (mar shampla ag lánúin), glactar leis go mbaineann leath de luach na sócmhairne le gach duine acu.

Cé atá ina leanbh cáilithe?

Is leanbh cáilithe leanbh faoi 18 mbliana d'aois a chónaíonn leat de ghnáth agus atá á c(h)othabháil agat. Uaireanta is féidir leanbh nach bhfuil ina c(h)ónaí leat a bheith ina leanbh cáilithe agat chomh maith má bhíonn tú á c(h)othabháil.

Glactar leis gur leanbh cáilithe leanbh atá 18 mbliana d'aois, nó os a chionn, agus atá á c(h)othabháil agat:

- i rith na tréimhse 3 mhí tar éis dó nó di oideachas dara leibhéal a fhágáil,
nó
- i rith na tréimhse 3 mhí tar éis dó nó di an scrúdú Ardteistiméireachta a chríochnú,
nó
- go deireadh na bliana acadúla ina sroicheann siad 18, chomh fada agus a bhíonn sé nó sí ag freastal ar chúrsa lánaimseartha staidéir i rith an lae i scoil, coláiste nó ollscoil.

Má tá tú ag fáil Sochair Díobhála agus íocaíochtaí gearrthéarmacha áirithe eile ar feadh níos mó ná 156 lá, d'fhéadfaí Méadú i leith Leanbh Cáilithe a íoc leat i gcás duine óg atá in oideachas lánaimseartha suas go dtí aois 22 nó go deireadh na bliana acadúla ina sroicheann sé nó sí aois 22.

Ní **bhfaighidh tú** an Méadú do Leanbh Cáilithe má tá ceann acu seo a leanas á fháil ag an leanbh:

- íocaíocht leasa shóisialaigh ina cheart féin (seachas Sochar Míthreorach). Forlíonadh Éagumais mar aon le Sochar Míthreorach,
nó
- Liúntas Cothabhála um Ghalar Tógálach (IDMA) ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Cén ráta maidir le Méadú do Leambh Cáilithe is féidir liom a fháil?

Gheobhaidh tú an Méadú **iomlán** do Leambh Cáilithe má bhíonn tú:

- cáilithe chun méadú iomlán nó chun méadú laghdaithe a fháil do do chéile, do pháirtí sibhialta nó do chomhchónaitheoir, **nó**
- más tuismitheoir aonair thú agus **mura bhfuil** ceann acu seo a leanas á fháil agat:
 - Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora
 - Sochar Banchéile Thréigthe, **nó**
 - Pinsean (Ranníocach) Baintrí, Baintrí Fir nó Pinsean Páirtí Sibhialta Mharthanaigh.

Gheobhaidh tú **leath** den Mhéadú do Leambh Cáilithe:

- má tá tuilleamh seachtainiúil comhlán ar an mheán ag do chéile, do pháirtí sibhialta nó do chomhchónaitheoir atá idir €310.01 agus €400.00. **nó**
- má tá do chéile, do pháirtí sibhialta nó do chomhchónaitheoir ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh ina c(h)earth féin. Sa chás sin, gheobhaidh do chéile, do pháirtí sibhialta nó do chomhchónaitheoir leath den Mhéadú do Leambh Cáilithe mar aon lena (h)íocaíocht agus gheobhaidh tú féin leath den Mhéadú do Leambh Cáilithe mar aon le do Shochar Díobhála.

Tabhair faoi deara

Ní bhfaighidh tú méadú do Leambh Cáilithe má tá ioncam nó tuilleamh ag do chéile, do pháirtí sibhialta nó do chomhchónaitheoir atá níos mó ná € 400 in aghaidh na seachtaine.

4. Conas a gheobhaidh me m'íocaíocht?

Féadfadh tú socrú a dhéanamh go n-íocfar an Sochar Díobhála leat go seachtainiúil trí Aistriú Ciste Leictreonach (ACL) chuig do chuntas in institiúid airgeadais. Ní mór íocaíochtaí a dhéanamh isteach i gcuntas coigiltis nó taisce reatha, agus **ní isteach i** gcuntas morgáiste.

5. Cén fhad a leanfar den íocaíocht?

Íoctar Sochar Díobhála de ghnáth ón 7ú lá de do bhreiteacht nó de d'éagumas, agus is féidir go n-íocfar thú ar feadh suas le 26 seachtain tar éis do thimpiste nó tar éis duit galar forordaithe a tholghadh.

Mura mbíonn tú fós in ann a bheith ag obair tar éis 26 seachtain, d'fhéadfá cáiliú le haghaidh Sochar Breoiteachta má shásaíonn tú coinníollacha áirithe maidir le ranníocaíochtaí ÁSPC.

Logáil isteach ar www.welfare.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

D'fhéadfá cáiliú freisin le haghaidh Sochar Míthreorach má tá caillteanas coirp nó meabhrach á fhulaingt agat de thoradh na timpiste nó an ghalair. Féach leathanach 13.

Mura bhfuil tú cáilithe le haghaidh Sochar Breoiteachta agus má bhronntar Sochar Míchumais ort, d'fhéadfá cáiliú le haghaidh Forlíonadh Eagumais.

6. Cathain agus conas is féidir liom iarratas a dhéanamh?

Ba cheart duit cur isteach ar Shochar Díobhála **laistigh de 21 lá** ón am a d'éirigh tú tinn, nó d'fhéadfá an sochar a chailliúint.

Chun iarratas a dhéanamh ar Shochar Díobhála, ba cheart duit:

- dul chuig an dochtúir agus an chéad deimhniú míochaine leasa shóisialaigh a fháil lena n-áirítear foirm iarratais, agus
- an teastas leighis agus an fhoirm iarratais a chomhlánú go hiomlán.

Is féidir leat do theastas a thabhairt do d'Ionad Intreo áitiúil nó do d'oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó é a chur sa phost chuig:

An Rannóg um Shochar Díobhála

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Bosca Poist 1650

Baile Átha Cliath 1

Ba cheart duit deimhniú míochaine a chur ar aghaidh gach seachtain le linn duit gan a bheith ábalta obair a dhéanamh.

Tábhachtach:

Ní bhíonn breoiteacht nó éagumas le sonrú láithreach de thoradh timpiste oibre nó galar oibre. Ina leithéid sin de chás, ba cheart duit iarratas a dhéanamh ar dhearbhu (agus Foirm IB/OB1 a úsáid) gur tharla timpiste duit san ionad oibre nó gur tholg tú an galar san áit sin. Is féidir leat an fhoirm iarratais a fháil ón Rannóg um Shochar Díobhála ag an seoladh atá ar leathanach 22.

7. An féidir liom Sochar Díobhála a fháil agus mé i mo chónaí i dtír eile?

Bíonn feidhm ag Rialacháin an AE má bhíonn tú ag obair nó má d'oibrigh tú nó má ghluaiseann tú idir na tíortha seo a leanas.

Tíortha atá clúdaithe ag Rialacháin an AE:

- An Ostair
- An Bheilg
- An Bhulgáir
- An Chróit
- Poblacht na Seice
- An Danmhairg
- An Eastóin
- An Fhionlainn
- An Fhrainc
- An Ghearmáin
- An Ghréig
- An Ungáir
- An Íoslainn
- Éire
- An Iodáil
- An Laitvia
- Lichtinstéin
- An Liotuáin
- Lucsamburg
- Málta
- An Iorua
- An Pholainn
- An Phortaingéil
- Poblacht na Cipire (An Chipir Theas)
- An Rómáin
- An tSlóvaic
- An tSlóivéin
- An Spáinn
- An tSualainn
- An Eilvéis
- An Ísiltír
- An Ríocht Aontaithe

Taisteal go tír atá clúdaithe ag Rialacháin an AE

Má tá Sochar Díobhála á fháil agat ón Roinn seo agus má tá sé ar intinn agat bogadh go tír eile atá clúdaithe ag Rialacháin an AE ba cheart duit é sin a insint dúinn chomh luath agus is féidir. B'fhéidir go gcaillfidh tú sochar má dhéanann tú moill nó d'fhéadfadh d'íocaíocht a bheith mall.

Tabhair faoi deara

Déan teagmháil leis an oifig áitiúil de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte má tá aon cheist agat faoi sheirbhísí sláinte agus tú thar lear.

8. An féidir liom Sochar Díobhála a éileamh agus íocaíocht leasa shóisialaigh eile á fáil agam?

Is féidir Sochar Díobhála a íoc mar aon le Pinsean na nDall nó mar aon le Sochar Míthreorach (seachas Forlíonadh Éagumais).

Ní íocfar **Sochar Díobhála** leat, má tá tú ag fáil aon cheann de na híocaíochtaí seo a leanas ar an Ráta pearsanta **iomlán**:

- Pinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir, Páirtí Shíbhialta Mharthanaigh, nó
- Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora,

Mar sin féin, má tá ráta laghdaithe d'aon cheann de na híocaíochtaí thuas á fháil agat, íocfar Sochar Díobhála leat ar ráta is ionann agus an difríocht idir an ráta laghdaithe a íoctar leat, agus an ráta pearsanta uasta don íocaíocht sin.

Fiú mura bhfuil tú cáilithe chun íocaíocht a fháil ba cheart duit Sochar Díobhála a éileamh óir d'fhéadfá a bheith i dteideal dearbhú a fháil (féach leathanach 10). D'fhéadfá a bheith in ann iarratas a dhéanamh ar shochair eile atá ar fáil faoin Scéim um Dhíobhálacha Ceirde mar shampla Sochar Míthreorach agus Cúram Míochaine (féach leathanaigh 12 agus 13). D'fhéadfá cáiliú freisin le haghaidh ranníocaíochtaí creidiúnaithe, trí iarratas a dhéanamh ar Shochar Díobhála.

Má dhéanann tú iarratas ar Shochar Díobhála agus fiú mura bhfuil tú cáilithe chun íocaíochtaí a fháil d'fhéadfá a bheith i dteideal fós ranníocaíochtaí creidiúnaithe a fháil.

Ba cheart duit leanúint ar aghaidh ag seoladh isteach teastas míochaine má bhíonn tú cáilithe chun creidmheasanna a fháil.

Socruithe speisialta maidir le Liúntas Cúramóra

Má tá Sochar Díobhála á fháil agat agus má shásaíonn tú na coinníollacha maidir le **Liúntas Cúramóra**, féadfaidh tú leath an ráta phearsanta den **Liúntas Cúramóra** a fháil chomh maith le d'íocaíocht Sochar Díobhála.

Chomh maith leis sin, b'fhéidir go bhféadfá méadú a fháil ar Shochar Díobhála i leith Dhuine Fásta Cháilithe fad is a bhíonn leathráta an **Liúntas Cúramóra** á fháil ag an té sin de bharr aire a thabhairt duit féin nó do dhuine éigin eile.

Má tá tú ag cur isteach ar Shochar Díobhála agus má tá **Liúntas Cúramóra**, á fháil agat, b'fhéidir go bhféadfaidh tú a bheith in ann leath d'íocaíocht Cúramóra a choinneáil agus Sochar Díobhála á fháil agat.

Logáil isteach ar www.welfare.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

9. Cad iad na sochair eile ar féidir liom a fháil faoi Scéim na nDíobhálacha Ceirde?

Cúram Míochaine

Faoin Scéim um Chúram Míochaine, féadfaidh tú aisíocaíocht a fháil i leith speansas áirithe míochaine a thabhaíonn tú mar gheall ar do thimpiste nó do ghalar ceirde, i gcás nach n-íocann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó Scéim Sochair Chóireála na Roinne seo as na costais sin.

Logáil isteach ar www.welfare.ie nó téigh i dteagmháil leis:

An Rannóg um Chúram Míochaine

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Áras Mhic Dhiarmada
Sráid an Stórais
Baile Átha Cliath 1

Teileafón: (01) 704 3000

Íosghlao: 1890 928 400

Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann
glaoigh ar +353 1 704 3000

Féach chomh maith ar 'Seirbhísí Sláinte' ar leathanach 14 freisin.

Sochar Míthreorach

Is féidir leat é seo a fháil i ndiaidh an tSochair Díobhála má chailleann tú cumas fisiceach nó meabhrach de thoradh timpiste nó galar ceirde. Beidh ar dhochtúir na Roinne imscrúdú a dhéanamh ort ar dtús chun méid na breoiteachta nó an mhíchumais a mheas le gur féidir linn cinneadh a dhéanamh faoi mhéid an tSochair Mhíthreoraigh atá dlite duit. Má bhronntar é, féadtar é a shiardhátú go dtí an dáta sin ar chríochnaigh an Sochar Díobhála.

Logáil isteach ar www.welfare.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

Sochair Bháis (Sochair Mharthanóra)

Má fhaigheann tú bás de thoradh timpiste a tharla san áit oibre nó galar ceirde a tholg tú san áit oibre, nó má fhaigheann tú Pinsean Míchumais atá measúnaithe ag 50% nó os a chionn sin ag uair do bháis, d'fhéadfadh do chleithiúnaithe Sochar Báis a fháil. Áirítear leis an sochar sin:

- Pinsean Baintrí nó Baintrí Fir nó Pinsean Páirtí Shibhialta,
- Íocaíocht Chaomhnóra,
- Pinsean Tuismitheora Chleithiúnaigh,
- agus € 850 mar dheontas sochraide

Logáil isteach ar www.welfare.ie chun tuilleadh eolais a fháil nó téigh i dteagmháil leis:

An Rannóg um Shochar Míthreorach

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Tithe an Rialtais Bóthar Bhéal
Átha na Lao
An Longfort

Íosghlao: 1890 927 770

Teileafón: An Longfort (043) 334 0000

Baile Átha Cliath (01) 704 3000

Má tá tú ag glaoc ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann glaigh ar
+353 43 334 0123

10. Cad iad na sochair bhreise ar féidir liom a fháil le linn dom Sochar Díobhála a éileamh?

Forlíonadh Cíos

Má tá Sochar Díobhála á fháil agat agus má bhíonn deacrachtaí agat maidir le do chíos nó do mhorgáiste a íoc, d'fhéadfá a bheith cáilithe i gcomhair forlíonta faoin Scéim um Liúntas Leasa Forlíontach.

Cuir iarratas isteach ar d'Ionad Intreo áitiúil nó ar d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil. Cuirfidh an Roinn do chás san áireamh agus déanfaidh siad cinneadh cibé an féidir leat nó nach féidir leat forlíonadh a fháil.

Logáil isteach ar www.welfare.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua

D'fhéadfá a bheith cáilithe chomh maith le haghaidh Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua do leanaí scoile faoin Scéim um Liúntas Leasa Forlíontach. Feidhmítear an liúntas seo ó Mheitheamh go Meán Fómhair gach bliain agus cabhraíonn sé chun íoc as costas éide agus coisbheart leanaí.

Chun cáiliú don liúntas seo ní ceart go mbeadh d'ioncam os cionn teorann áirithe. Ba cheart duit iarratas a dhéanamh ag d'Ionad Intreo áitiúil nó ag d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

Logáil isteach ar www.welfare.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

Seirbhísí Sláinte

D'fhéadfá a bheith i dteideal cárta leighis a fháil ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tá cúnaimh ar fáil freisin faoin Scéim Íocaíochta Drugaí le cabhrú chun íoc as costas cógas ordaithe. Ba cheart duit dul i dteagmháil leis an oifig áitiúil de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le haghaidh tuilleadh eolais ar sheirbhísí sláinte nó cuairt a thabhairt ar a láithreán gréasáin www.hse.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

Féach freisin leathanach 12 a bhaineann le Cúram Míochaine faoin Scéim um Dhíobhálacha Ceirde.

Forlíontaí Eile

Má tá d'ioncam ró-íseal chun íoc as riachtanais áirithe speisialta d'fhéadfaí airgead a thabhairt duit le déileáil le héigeandálaí áirithe. Íocaíochtaí 'aonuaire' iad sin le cabhrú leat má tá deacracht agat íocaíocht áirithe a dhéanamh.

11. Cé a dhéanann cinneadh ar m'iarratas ar Shochar Díobhála?

Déanann Oifigeach Breithiúnachta ón Roinn Coimirce Sóisialaí cinneadh ar gach iarratas ar Shochar Díobhála. Mura mbíonn tú sásta lena c(h)inneadh, féadfaidh tú athbhreithniú a fháil. Lena chois sin is féidir leat achomharc a dhéanamh láithreach nó tar éis an athbhreithnithe chuig an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh.

Chun athbhreithniú a iarraidh, seol aon fhianaise ábhartha i scríbhinn ar aghaidh go dtí an **Rannóg um Shochar Díobhála** ag an seoladh seo a leanas laistigh de 21 lá:

An Rannóg um Shochar Díobhála

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Áras Mhic Dhiarmada

Sráid an Stórais

Baile Átha Cliath 1

Déanfaidh Oifigeach Breithiúnachta athbhreithniú ar do chás. Mura mbíonn tú sásta lena c(h)inneadh i ndiaidh an athbhreithnithe, is féidir leat achomharc a dhéanamh faoi chuig an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh, atá neamhspleách ar an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Más mian leat achomharc a dhéanamh, ba cheart duit é a dhéanamh i scríbhinn laistigh de 21 lá ón dáta ar insíodh duit faoin gcinneadh. Féadfaidh tú d'achomharc a sheoladh chuig an Rannóg um Shochar Díobhála nó go díreach chuig:

An Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh

Sráid D'Olier

Teach D'Olier

Baile Átha Cliath 2

Íosghlao: 1890 74 74 34 (ó Phoblacht na hÉireann amháin)

12. Cad is féidir liom a éileamh mura bhfuilimse cáilithe chun Sochar Díobhála ná Sochar Breoiteachta a fháil?

Mura bhfuil tú cáilithe le haghaidh Sochar Díobhála ná Sochar Breoiteachta, d'fhéadfá cáiliú maidir le Liúntas Míchumais nó Liúntas Leasa Forlíontach.

Liúntas Míchumais

Is liúntas é seo a ndéantar tástáil acmhainne ina leith, agus a d'fhéadfá a fháil má mheastar go leanfaidh an tinneas ar feadh 12 mhí ar a laghad.

Logáil isteach ar www.welfare.ie chun tuilleadh eolais a fháil nó téigh i dteagmháil leis:

An Rannóg um Liúntas Míchumais

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Tithe an Rialtais Bótha

Bhéal Átha na Lao

An Longfort

Íosghlao: 1890 927 770

Teileafón: An Longfort (043) 334 0000

Baile Átha Cliath (01) 704 3000

Má tá tú ag glaach ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann glaigh ar +353 43 334 0000.

Liúntas Leasa Forlíontach

Má tá d'acmhainn ró-íseal chun freastal ar do riachtanais, d'fhéadfá cáiliú le haghaidh Liúntas Leasa Forlíontach a íocann an Roinn seo. Ba cheart duit iarratas a dhéanamh ag d'Ionad Intreo áitiúil nó ag d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

Logáil isteach ar www.welfare.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

13. An mbeadh orm dul faoi scrúdú leighis le linn dom Sochar Díobhála a éileamh?

B'fhéidir go mbeidh ort freastal ar scrúdú míochaine ag Measúnóir Míochaine nuair a bheidh Sochar Díobhála á éileamh agat. Dochtúir atá fostaithe ag an Roinn seo a dhéanann an scrúdú sin. Tabharfaidh sé/sí an dara tuairim cibé an bhfuil sé ar do chumas obair a dhéanamh nó nach bhfuil, agus bail reatha do shláinte á chur san áireamh aige nó aici. Cuirfimid fógra chugat faoi do choinne i gcomhair an scrúdú míochaine. Féadfaidh tú cibé fianaise mhíochaine ar mhian leat a thabhairt leat chuig an scrúdú go bhfeicfidh an Measúnóir Míochaine í.

Cuirfidh an tOifigeach Breithiúnachta tuairim an Mheasúnóra Liachta san áireamh nuair a bheidh do theidlíocht leantach ar Shochar Díobhála Ceirde á mheas aige nó aici.

Má chuirtear deireadh le d'íocaíocht ar bhonn scrúdú míochaine, cuirfimid é sin in iúl duit láithreach agus inseoimid duit faoi do cheart chun an cinneadh a achomharc.

14. An féidir mé a dhícháiliú ó Sochar Díobhála a éileamh?

Is féidir. Féadfar d'íocaíocht Sochar Díobhála a chur ar fionraí ar feadh suas le 9 seachtaine mura gcomhlíonann tú na coinníollacha le linn duit Sochar Díobhála a fháil (féach thíos agus ar leathanach 19).

Má fhaigheann tú Sochar Díobhála nach bhfuil tú cáilithe lena fháil, ní mór duit é a íoc ar ais linn. Féadfaidh an tAire Coimirce Sóisialaí an aisíocaíocht a fháil ar ais trí chaingean dlí nó trí asbhaintí ó aon íocaíocht leasa shóisialaigh eile a bhfuil tú cáilithe lena fáil.

Logáil isteach ar www.welfare.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

Tabhair faoi deara

Má dhéanann tú ráiteas bréagach nó míthreorach chun Sochar Díobhála a fháil duit féin nó d'aon duine eile, is féidir fineáil, téarma príosúnachta nó an dá rud a ghearradh ort.

15. Coinníollacha a bheidh i bhfeidhm le linn dom Sochar Díobhála a fháil

Le linn duit Sochar Díobhála a fháil, ní dhéanfaidh tú aon cheann de na nithe seo:

- mainneachtain, gan cúis mhaith, teacht chuig scrúdú míochaine a dhéanfaidh Measúnóir Míochaine na Roinne seo,

- gan déanamh de réir treoracha do dhochtúra,
- tú féin a iompar ar shlí ar dócha go gcuirfeadh sé moill ar théarnamh,
- mainneachtain teacht i láthair aon Oifigigh ón Roinn seo ná fiosruithe réasúnta maidir le d'éileamh a fhreagairt.

Féadfaidh tú na cineálacha oibre seo a leanas a dhéanamh, ach **cead i scríbhinn** a fháil ón Roinn sula dtosóidh tú:

- obair pháirtaimseartha (suas go 20 uair an chloig in aghaidh na seachtaine) atá mar chuid de chlár athshlánúcháin nó de chlár teiripe ceirde,
- cúrsa oiliúna ceadaithe d'fhonn dul i mbun slí bheatha éigin eile.

Féadfaidh tú na cineálacha oibre seo a leanas a dhéanamh, gan cead a fháil ón Roinn i scríbhinn sula dtosóidh tú:

- obair éadrom nach n-íoctar aon phá aisti, nó nach mbeadh pá ar bith iníoctha aisti de ghnáth,
- obair a dhéantar mar chuid de chóireáil le linn duit a bheith i d'othar in ospidéal nó in áit éigin eile dá shamhail, ar choinníoll nach dtuileann tú níos mó ná € 50 in aghaidh na seachtaine,
- obair a dhéanann tú faoi scéim carthanachta, ar choinníoll nach dtuileann tú níos mó ná € 50 in aghaidh na seachtaine.

16. An leanfar den íocaíocht tar éis mo bháis?

Bás duine a raibh Sochar Díobhála á fháil aige nó aici

Má fhaigheann tú bás agus Sochar Díobhála á fháil agat, leanfar den íocaíocht le do chéile, do pháirtí sibhialta nó do

chomhchónaitheoir ar feadh 6 seachtaine más rud é:

- go bhfuil méadú do do chéile, do pháirtí sibhialta nó do chomhchónaitheoir san áireamh i d'íocaíocht, nó
- nach raibh méadú do do chéile, do pháirtí sibhialta nó do chomhchónaitheoir san áireamh toisc go raibh íocaíocht leasa shóisialaigh dá c(h)uid féin á fháil aige nó aici.

Ba cheart a insint dúinn faoin mbás chomh luath agus is féidir le go bhféadfaimid socrú a dhéanamh leanúint ar aghaidh leis an íocaíocht. Ní íocfar Pinsean Baintrí, Baintrí Fir ná Páirtí Shibhialta Mharthanaigh ná Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora go dtí deireadh na tréimhse 6 seachtaine.

Má fhaigheann duine fásta cáilithe nó leanbh cáilithe bás

Má fhaigheann duine fásta cáilithe nó leanbh cáilithe bás, leanfar ar aghaidh ag íoc an mhéadaithe atá dlite don chleithiúnaí sin ar feadh 6 seachtaine.

Logáil isteach ar www.welfare.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

Deontas baintreachais nó páirtí sibhialta mharthanaigh

Más baintreach nó más páirtí sibhialta marthanach thú agus má tá aon leanaí cáilithe agat d'fhéadfá cáiliú freisin le haghaidh Deontas Baintrí nó Deontas Tuismitheora Mharthanaigh.

Logáil isteach ar www.welfare.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtí Shibhialta Mharthanaigh

Más baintreach, baintreach fir nó páirtí sibhialta marthanach thú d'fhéadfá cáiliú le haghaidh Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtí Shibhialta Mharthanaigh.

Logáil isteach ar www.welfare.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

Deontas Méala

Íocaíocht aonuaire is ea an Deontas Méala a íoctar leis an duine atá freagrach as bille na sochraide a íoc. Bíonn an cháilitheacht bunaithe ar ranniocaíochtaí ÁSPC. Ní dhéanfar deontais mhéala a íoc i gcás básanna a tharlóidh ar an 1 Eanáir 2014 nó ina dhiaidh sin.

Logáil isteach ar www.welfare.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

17. An íocaim cáin ioncaim ar Shochar Díobhála?

Déantar Sochar Díobhála, idir an ráta pearsanta agus an méadú do dhuine fásta cáilithe (seachas aon mhéadú do leanaí cáilithe) a mheas mar ioncam chun críocha cánach agus bíonn sé inchánach ó chéad lá na híocaíochta.

Íoctar Sochar Díobhála go díreach leat gan aon cháin ioncaim a asbhaint. Is mar seo a leanas a ghearrtar cáin ar d'íocaíocht:

Má tá tú fostaithe, cuirfidh d'fhostóir do Shochar Díobhála san áireamh chun críocha ÍMAT.

Má tá tú dífhostaithe nó má dhífhostaítear thú cuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim san áireamh an méid Sochair Díobhála a íoctar leat, nuair is ábhartha, nuair a dhéanfaidh siad coigeartú ar do chreidmheasanna cánach nó athbhreithniú ar chúrsaí cánach do chéile, do pháirtí sibhialta nó do chomhchónaitheora.

Is féidir tuilleadh eolais faoin gcáin a ghearrtar ar Shochar Díobhála a fháil ó d'oifig chánach áitiúil nó ag www.revenue.ie.

18. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Le haghaidh tuilleadh eolais ar Shochar Díobhála, déan teagmháil le d'Ionad Intreo áitiúil nó le d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil,

nó leis

An Rannóg um Shochar Díobhála

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Áras Mhic Dhiarmada

Sráid an Stórais

Baile Átha Cliath 1

Teileafón: (01) 704 3300

Íosghlao: 1890 928 400

Má tá tú ag gaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann gaoigh ar +353 1 704 3300

Chun leabhráin faisnéise, foirmeacha iarratais agus tuilleadh faisnéise a fháil ar sheirbhísí leasa shóisialaigh:

- Logáil isteach ar **www.welfare.ie**.
- Líne Eolais Íosghlao ag **1890 66 22 44** ach má tá tú ag gaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann gaoigh ar **+353 71 91 93302**.
- Buail isteach chuig d'Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh, chuig d'Ionad Intreo áitiúil nó chuig d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

Tabhair faoi deara

D'fhéadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as uimhreacha 1890 a úsáid.

Leabhráin úsáideacha eile:

Intreoir don Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh	SW 56
Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua	SW 75
Liúntas Cúramóra	SW 41
Sochar Cúramóra	SW 49
Sochair Bháis	SW 32
Liúntas Míchumais	SW 29
Sochar Míthreorach	SW 31
Saorthaisteal	SW 40
Sochair Theaghlaigh	SW 107
Sochar Breoiteachta	SW 119
Cúram Míochaine	SW 34
Galair Cheirde Fhorordaithe	SW 33
Leabhrán faoi Rátaí Íocaíochta	SW 19
Liúntas Leasa Forlíontach	SW 54
Deontas Baintreachais nó Páirtí Shibhialta Mharthanaigh	SW 114
Pinsean Neamhranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtí Shibhialta Mharthanaigh	SW 26

Faisnéis do Shaoránaigh

Is é an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh an comhlacht reachtúil a thacaíonn le soláthar faisnéise, comhairle agus abhcóideachta don phobal maidir leis an raon fairsing seirbhísí sóisialta agus sibhialta. Cuireann sé an láithreán gréasáin Faisnéis do Shaoránaigh ar fáil agus tacaíonn sé leis an líonra deonach de Sheirbhísí Faisnéise do Shaoránaigh agus leis an tSeirbhís Teileafóin Faisnéise do Shaoránaigh.

www.citizensinformation.ie

Íosghlao 1890 777 121 (Luan-Aoine 9am-9pm)

Ionaid Áitiúla (féach in Eolaire Teileafóin na Leathanach Buí)

Tá Faisnéis do Shaoránaigh ar fáil ó bhreis is 250 láthair ar fud na tíre. Foilsítear sonraí teagmhála agus uaireanta oscailte an Ionaid Faisnéise do Shaoránaigh is gaire duit in Eolaire Teileafóin na Leathanach Buí.